Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Gaeilge

Páipéar 2

Ardleibhéal

Dé Máirt 10 Meitheamh Maidin 9:30 – 12:35

200 marc

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**
**Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2025 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# *Treoracha d'iarrthóirí*

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*
*Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

Freagair gach ceist (Ceist 1, Ceist 2, Ceist 3 agus Ceist 4).

| | |
|---|---|
| **Ceist 1**: | Freagair Léamhthuiscint A (50 marc) **agus** Léamhthuiscint B (50 marc).<br>Tá Ceist 1 - 5 ar aon mharc. Glacfar le freagraí i d'fhocail féin nó i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.<br>Ní mór Ceist 6(b) a fhreagairt i d'fhocail féin, áfach. |
| **Ceist 2**: | Freagair Ceist 2A (30 marc) **nó** Ceist 2B (30 marc).<br>**2A. Prós Ainmnithe**<br>Freagair ceist **amháin** as do rogha de 2A (a) **nó** 2A (b).<br>**nó**<br>**2B. Prós Roghnach**<br>Freagair ceist **amháin** as do rogha de 2B (a) **nó** 2B (b). |
| **Ceist 3**: | Freagair Ceist 3A (30 marc) **nó** Ceist 3B (30 marc).<br>**3A. Filíocht Ainmnithe**<br>Freagair ceist **amháin** as do rogha de 3A (a) **nó** 3A (b).<br>**nó**<br>**3B. Filíocht Roghnach**<br>Freagair ceist **amháin** as do rogha de 3B (a) **nó** 3B (b). |
| **Ceist 4**: | An Litríocht Bhreise (40 marc)<br>Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F). |

| Ceist 1 | Léamhthuiscint | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair Léamhthuiscint A **agus** Léamhthuiscint B anseo.

**A – 50 marc**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

**Rory Gallagher – Laoch ceoil**

**1.** Tharla ceant stairiúil i Londain i mí Dheireadh Fómhair 2024 nuair a chuir an comhlacht ceantála Bonhams uirlisí ceoil an rac-cheoltóra Éireannaigh Rory Gallagher ar ceant. Mhúscail an díolachán sin spéis mhór i measc lucht leanúna an rac-cheoil agus bailitheoirí earraí cuimhneacháin araon ar chúpla cúis. Ar dtús, tá cáil dhomhanda ar Gallagher mar dhuine de na giotáraithe is cumasaí san fhichiú haois. Chomh maith leis sin, bhí a ábhar cuimhneacháin i dtaisce ó fuair sé bás beagnach tríocha bliain roimhe sin. Ba é an uirlis ba mhó inar cuireadh spéis ag an gceant ná an giotár leictreach Fender Stratocaster. Shantaigh Rory an giotár áirithe sin mar bhí sé cosúil leis an gceann a bhí ag Buddy Holly, réalta mhór i stair an rac-cheoil a bhí ina laoch aige. Cheannaigh an comhlacht Live Nation Gaiety Ltd an uirlis ag an gceant agus rinneadh socrú go gcaomhnófaí an giotár íocónach seo faoi úinéireacht an stáit. Cuirfear giotár Fender Stratocaster Rory ar taispeáint in Ard-Mhúsaem na hÉireann mar chomóradh ar éachtaí an cheoltóra cheannródaíoch agus mar ábhar inspioráide do dhíograiseoirí ceoil.

**2.** Rugadh Rory Gallagher i mBéal Átha Seanaidh, Co. Dhún na nGall in 1948 ach bhog a theaghlach go Doire, cathair dhúchais a athar, Danny, an bhliain dár gcionn. Bhí féith an cheoil i dtuismitheoirí Rory. Sheinneadh a athair an bosca ceoil i mbanna céilí agus amhránaí maith ba ea a mháthair. Thosaigh Rory ag léiriú spéis sa cheol agus é an-óg. Sa bhaile, bhíodh sé ag éisteacht le ceol ar an rogha leathan stáisiúin raidió a bhí le fáil i nDoire ag an am. Ceann de na stáisiúin sin ba ea AFN, stáisiún raidió de chuid na bhFórsaí Meiriceánacha, agus ba ar an stáisiún sin a chuala Rory an seánra ceoil ar a dtugtar na gormacha den chéad uair. Ní raibh teilifís sa teach ag muintir Rory ag an am. Ba ghnách leis féin agus lena dheartháir, Dónal, dul chomh fada le siopa i gceantar an Diamaint sa chathair le breathnú ar an gclár *Six-Five Special*, seó popcheoil de chuid an BBC, ar an teilifíseán a bhí i bhfuinneog an tsiopa. Bhí liricí na n-amhrán go léir ar eolas ag Rory agus bhíodh sé ag canadh leis na bannaí a bhíodh ag seinm ar an scáileán teilifíse, rud a tharraingíodh aird na ndaoine a bhíodh bailithe os comhair an tsiopa. Shocraigh tuismitheoirí Rory a chéad ghiotár a cheannach dó in 1958.

**3.** Corcaíoch ba ea máthair Rory, agus bhog sí lena beirt mhac, Rory agus Dónal, go cathair Chorcaí in 1958. Bhí spéis Rory sa cheol, go háirithe sa rac-cheol agus sna gormacha, ag méadú. Nuair a bhí Rory cúig bliana déag d'aois, cheannaigh sé giotár leictreach Fender Stratocaster ar chéad punt i siopa Uí Chrualaoich i gCorcaigh. Bhí tábhacht ag baint le ceannach an ghiotáir sin do Rory mar ba é an Fender Stratocaster sin príomhuirlis a cheirde ar feadh a shaoil mar cheoltóir as sin amach. Ceoltóir féinoilte ba ea Rory a chaitheadh uaireanta fada ag cleachtadh ar an ngiotár sa bhaile. Thosaigh Rory amach ag seinm le seó-bhanna in 1963 agus é fós ar scoil. In 1966, bhunaigh Rory agus beirt eile an racghrúpa Taste. Ba é Rory féin príomhamhránaí agus príomhghiotáraí an ghrúpa. Gan rómhoill, bhí Taste ag mealladh na sluaite chuig a gcuid ceolchoirmeacha. Thuill siad cáil as an sárchumas a bhí iontu chun gnéithe den rac-cheol a mheascadh leis na gormacha chun fuaim uathúil a chruthú. D'eisigh siad a gcéad albam, dar teideal *Taste*, in 1969. Lean trí albam eile é. Ba léiriú ar an éileamh a bhí ar an mbanna gur sheinn siad ag féilte móra ceoil in éineacht le leithéidí Jimi Hendrix agus The Doors. Thit an grúpa Taste as a chéile de bharr teannas inmheánach in 1970.

**4.** Sa bhliain 1971, chuir Rory Gallagher tús le tréimhse mar ealaíontóir aonair. Tharraing a chuid ceolchoirmeacha beo na sluaite daoine in Éirinn agus thar lear. Théadh sé i gcion go mór ar a lucht féachana i gcónaí lena theacht i láthair pléascach ar an stáitse, lena mháistreacht chun ceol corraitheach a sheinm ar an ngiotár Fender Stratocaster agus leis an anamúlacht a bhí ina chuid amhránaíochta. Faoin mbliain 1974, bhí ardmheas á léiriú air i saol an rac-cheoil. Bhíodh sé ag dul ar camchuairteanna chuig ionaid

mhóra cheoil ar fud an domhain. Bhíodh sé ina phríomhaoi ag féilte móra ceoil. Thug an racghrúpa cáiliúil The Rolling Stones cuireadh dó dul ag cleachtadh leo in 1975. Bhí ardmholadh á fháil aige ó cheoltóirí mór le rá, ar nós Eric Clapton agus Bob Dylan. Sa bhliain 1971, d'eisigh sé a chéad albam faoina ainm féin agus lean trí albam déag eile é idir sin agus 1990. Meastar go bhfuil an dá albam bheo dá chuid, *Live in Europe* (1972) agus *Irish Tour '74* ar na samplaí is fearr dá chuid ceardaíochta. Bhí ráchairt mhór ar a albam *Live in Europe* (1972) mar nuair a eisíodh é, bhí sé i measc na ndeich n-albam is mó díol i gcairteacha na Breataine.

**5.** Chruthaigh tionscal an cheoil go leor dúshlán do Rory Gallagher mar ealaíontóir. Ba thábhachtaí do Rory a bheith dílis d'ealaín an cheoil ná airgead a thuilleamh. Chomh maith leis sin, níor mhian leis clú agus cáil a bheith air. De réir a chéile, chuaigh a sceideal dian camchuairteanna agus a dhíograis dá cheird i bhfeidhm ar a shláinte. Sna 1990idí chuaigh a shláinte in olcas. Cailleadh Rory ar an 14 Meitheamh 1995 in aois a seacht mbliana is dhá scór. Tríocha bliain i ndiaidh a bháis, tugann Rory agus a chuid ceoil spreagadh do go leor daoine atá meáite ar bheith ina ngiotáraithe rac-cheoil. Is iomaí comhartha ómóis do Rory Gallagher atá in Éirinn. Ainmníodh amharclann i gCorcaigh as. Tá dealbha comórtha ina onóir i mBéal Átha Seanaidh agus i mBéal Feirste. Tá giotár ar nós Fender Stratocaster Rory feistithe ar bhalla i mBarra an Teampaill i mBaile Átha Cliath. Sa bhliain 1998, chuir an comhlacht Fender líon áirithe giotár macasamhlach bunaithe ar Stratocaster Rory ar an margadh chun ómós a thabhairt do Rory a bhí ina mháistir ar an ngiotár sin.

**Ceisteanna**

**1.** **(a)** Tabhair **dhá** chúis ar mhúscail díolachán uirlisí ceoil Rory Gallagher spéis mhór i measc lucht leanúna an rac-cheoil agus bailitheoirí earraí cuimhneacháin araon. (Alt 1)

**(b)** **(i)** Cén fáth ar shantaigh Rory an giotár leictreach Fender Stratocaster? (Alt 1)

**(ii)** Scríobh síos cúis **amháin** a gcuirfear giotár íocónach Fender Stratocaster Rory Gallagher ar taispeáint in Ard-Mhúsaem na hÉireann. (Alt 1)

(7 marc)

**2.** **(a)** Scríobh síos **dhá** rud a léiríonn go raibh féith an cheoil i dtuismitheoirí Rory. (Alt 2)

**(b)** **(i)** Cén tábhacht a bhain leis an stáisiún raidió AFN i saol Rory? (Alt 2)

**(ii)** Cad a dhéanadh Rory a tharraingíodh aird na ndaoine a bhíodh bailithe os comhair an tsiopa i gceantar an Diamaint i nDoire? (Alt 2)

(7 marc)

**3.** **(a)** Cén fáth a raibh ceannach an ghiotáir Fender Stratocaster tábhachtach do Rory? (Alt 3)

**(b)** **(i)** Cén sárchumas a bhí sa ghrúpa Taste a thuill cáil dóibh? (Alt 3)

**(ii)** Cad a tharla don ghrúpa Taste in 1970? (Alt 3)

(7 marc)

**4.** **(a)** Luaigh **dhá** bhealach a dtéadh Rory Gallagher i gcion go mór ar a lucht féachana ag a chuid ceolchoirmeacha beo. (Alt 4)

**(b)** **(i)** Scríobh síos rud **amháin** a léiríonn an t-ardmheas a bhí ar Rory i saol an rac-cheoil faoin mbliain 1974. (Alt 4)

**(ii)** Conas a thaispeántar go raibh ráchairt mhór ar an albam *Live in Europe* (1972) nuair a eisíodh é? (Alt 4)

(7 marc)

**5.** **(a)** Scríobh síos **dhá** dhúshlán a chruthaigh tionscal an cheoil do Rory Gallagher mar ealaíontóir. (Alt 5)

**(b)** **(i)** Scríobh síos **dhá** chomhartha ómóis do Rory Gallagher atá in Éirinn. (Alt 5)

**(ii)** Cad a rinne an comhlacht Fender sa bhliain 1998 chun ómós a thabhairt do Rory? (Alt 5)

(7 marc)

**6.** **(a)** Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 1 **agus** sampla d'ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 4.

**(b)** 'Ceoltóir as an ngnáth ba ea Rory Gallagher.' Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, as an sliocht a léiríonn fírinne an ráitis sin, dar leat. (Is leor **60** focal.)

(15 mharc)

**B – 50 marc**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

**Cúrsaí spóirt in Éirinn**

**1.** Bhí bród an domhain ar mhuintir na hÉireann as na gaiscí iontacha a rinne lúthchleasaithe na tíre ag na Cluichí Oilimpeacha i bPáras anuraidh. Céad tríocha a trí lúthchleasaí a bhí ar fhoireann Oilimpeach na hÉireann ag na Cluichí. Is iad sin na Cluichí Oilimpeacha is rathúla a bhí ag aon fhoireann Oilimpeach as Éirinn riamh mar d’éirigh leo seacht mbonn san iomlán a bhuachan, an líon is mó bonn a bhuaigh aon fhoireann Oilimpeach as Éirinn go dtí seo. D’éirigh leis na lúthchleasaithe iontacha sin boinn a bhuachan sa snámh, sa rámhaíocht, sa dornálaíocht agus sa ghleacaíocht. Rinne an dornálaí Kellie Harrington agus na rámhaithe Paul O’Donovan agus Fintan McCarthy éacht speisialta nuair a d’éirigh leo bonn óir a bhuachan den dara huair as a chéile ag na Cluichí Oilimpeacha. Cúpla seachtain ina dhiaidh sin ag na Cluichí Parailimpeacha i bPáras, bhuaigh lúthchleasaithe Parailimpeacha na hÉireann sé bhonn ar fad. Moladh lúthchleasaithe Parailimpeacha uile na hÉireann as na sárthaispeántais go léir a thug siad agus as an misneach a thaispeáin siad agus iad san iomaíocht ar na leibhéil is airde ar an ardán domhanda.

**2.** Ciallaíonn an téarma ‘spórt’ gníomhaíocht choirp d’aon chineál ina mbíonn daoine rannpháirteach ar bhonn ócáideach nó eagraithe. Baineann go leor buntáistí leis an spórt. Is bealach iontach é an spórt chun sláinte fhisiciúil agus folláine mheabhrach an duine a fheabhsú. Cuireann an spórt deiseanna ar fáil chun bualadh le daoine agus chun daoine a thabhairt le chéile. Is féidir leis an spórt scileanna tábhachtacha saoil a mhúineadh do na rannpháirtithe. Faoi láthair, tá níos mó daoine ná riamh gníomhach sa spórt sa tír seo. Is ar mhaithe le caitheamh aimsire a dhéanann roinnt mhaith daoine gníomhaíocht choirp go rialta. Tá rogha leathan deiseanna don spórt mar chaitheamh aimsire ar fáil do dhaoine ar fud na tíre. Bíonn daoine ina mball d’ionad aclaíochta nó glacann siad páirt i ranganna aclaíochta. Spreagann na cosáin siúil agus rothaíochta atá forbartha ar fud na tíre daoine le bheith gníomhach amuigh faoin aer. Glacann go leor daoine eile páirt sa spórt iomaíoch ar leibhéal a oireann dá gcumas. Bíonn an bhéim ar an bhfeidhmíocht agus ar thorthaí sa spórt iomaíoch ar gach leibhéal, amaitéarach agus gairmiúil araon. Is é Spórt Éireann an t-údarás reachtúil atá freagrach as an spórt a fhorbairt in Éirinn.

**3.** Is eagraíochtaí tábhachtacha iad Cumann Lúthchleas Gael, an Cumann Camógaíochta agus Cumann Pheil na mBan sa tír seo agus é mar aidhm acu na cluichí Gaelacha a chothú agus a fhorbairt ar fud na tíre. Is é Cumann Lúthchleas Gael an eagraíocht spóirt is mó in Éirinn. Tá clubanna ag an eagraíocht i bpobail ar fud na tíre. Tá tábhacht ag baint leis na clubanna sin ar a lán slite. Cuireann na clubanna sin deiseanna ar fáil do dhaoine a bheith páirteach sna cluichí ar gach leibhéal. Bíonn daoine eile ag obair ar bhonn deonach leis na clubanna a reáchtáil agus a choinneáil ar bun. Éiríonn leis na clubanna mórtas ceantair a spreagadh. Is ócáidí sóisialta iad na cluichí don lucht féachana agus iad ag tacú lena bhfoireann ag súil go mbeadh an bua acu. Tá an iománaíocht agus an chamógaíocht aitheanta ag Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) mar shainchluichí ársa Gaelacha. Tá cosaint agus forbairt ar leith ag teastáil i dtaca leis an dá chluiche sin agus mar sin, tá sé beartaithe ag Spórt Éireann dul i mbun oibre le páirtithe leasmhara chun tionscnaimh a fhorbairt chun na cluichí sin a chosaint do na glúnta atá le teacht.

**4.** Sheol an rialtas an Beartas Náisiúnta Spóirt, 2018–2027, i mí Iúil 2018. Ceann de phríomhaidhmeanna an rialtais sa bheartas sin ná rannpháirtíocht sa spórt do chách a mhéadú, beag beann ar aois, ar inscne, ar chumas nó ar chúlra. Tá an bhearna rannpháirtíochta idir na hinscní ag cúngú i gcúrsaí spóirt. Tá níos mó ban agus cailíní ná riamh ag glacadh páirt i ngníomhaíocht choirp de gach cineál. Tá níos mó ban ina gcóitseálaithe, ina láithreoirí ar chláir spóirt agus ina n-ionadaithe ar bhoird eagraíochtaí spóirt. Tá roinnt tionscnamh ar bun chun níos mó cailíní agus ban a spreagadh chun gníomhaíocht choirp a dhéanamh. Táthar ag súil go mbainfear amach rannpháirtíocht chomhionann faoin mbliain 2027. Tá Spórt Éireann ag obair le heagraíochtaí spóirt agus le comhpháirtíochtaí

áitiúla spóirt chun deiseanna rannpháirtíochta do ghrúpaí ar leith inár sochaí a mhéadú. Bunaíodh ciste spóirt míchumais chun tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí spóirt chun rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas a mhéadú. Leanfar ag maoiniú, ag forbairt clár agus ag aimsiú bealaí nua chun níos mó deiseanna gníomhaíochta coirp a chur ar fáil do ghrúpaí mionlaigh eile sa tír chomh maith. Leis an obair sin go léir, tá an rialtas ag súil go mbeidh deiseanna agus áiseanna spóirt níos fearr ar fáil do phobal uile na tíre.

**5.** I mí Mheán Fómhair 2024, fógraíodh infheistíocht mhór ón rialtas, €230 milliún, mar dheontais faoin gCiste Áiseanna Spóirt Pobail. Leis an maoiniú seo, méadófar ar líon agus ar cháilíocht na n-áiseanna spóirt i ngach pobal ar fud na tíre, rud a chinnteoidh go mbeidh rochtain ag níos mó daoine ná riamh ar na spóirt is breá leo ina gceantair áitiúla. Leanfar ar aghaidh ag cur spórt ardfheidhmíochta chun cinn agus déanfar forbairt leanúnach ar an gCampas Náisiúnta Spórt i mBaile Átha Cliath. Ar an gCampas, soláthraítear áiseanna traenála den chéad scoth, na cóitseálaithe is fearr agus foirne tacaíochta do na lúthchleasaithe ardfheidhmíochta chun tacú leo san ullmhúchán i gcomhair na hiomaíochta ar na leibhéil is airde. Tá sé tábhachtach córas spóirt éifeachtach a fhorbairt ar mhaithe le muinín an phobail ann a chinntiú. Chuige sin, tá gá le timpeallachtaí sábháilte a chur ar fáil agus le dea-chleachtais a chur chun cinn go forleathan. Caithfear cúrsaí spóirt ar gach leibhéal a reáchtáil ar bhonn cothrom. Bítear ag súil go gcaithfidh gach duine sa chóras spóirt go measúil le daoine eile.

**Ceisteanna**

**1.** **(a)** Cén fáth arb iad na Cluichí Oilimpeacha in 2024 na Cluichí Oilimpeacha is rathúla a bhí ag aon fhoireann Oilimpeach as Éirinn riamh? (Alt 1)

**(b)** **(i)** Cén t-éacht speisialta a rinne an dornálaí Kellie Harrington agus na rámhaithe Paul O'Donovan agus Fintan McCarthy ag na Cluichí Oilimpeacha i bPáras? (Alt 1)

**(ii)** Cén fáth ar moladh lúthchleasaithe Parailimpeacha uile na hÉireann a bhí san iomaíocht ag na Cluichí Parailimpeacha anuraidh? (Alt 1)

(7 marc)

**2.** **(a)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an spórt. (Alt 2)

**(b)** **(i)** Tabhair **dhá** shampla de ghníomhaíochtaí coirp a dhéanann daoine mar chaitheamh aimsire. (Alt 2)

**(ii)** Cad air a mbíonn an bhéim sa spórt iomaíoch? (Alt 2)

(7 marc)

**3.** **(a)** Cén aidhm atá ag Cumann Lúthchleas Gael, ag Cumann Camógaíochta agus ag Cumann Pheil na mBan? (Alt 3)

**(b)** **(i)** Scríobh síos slí **amháin** a bhfuil clubanna Chumann Lúthchleas Gael tábhachtach i bpobail ar fud na tíre. (Alt 3)

**(ii)** Cad atá beartaithe ag Spórt Éireann maidir le cosaint na hiománaíochta agus na camógaíochta? (Alt 3)

(7 marc)

**4.** **(a)** Scríobh síos ceann de phríomhaidhmeanna an rialtais atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, 2018 – 2027. (Alt 4)

**(b)** **(i)** Tabhair **dhá** shampla a léiríonn go bhfuil an bhearna rannpháirtíochta idir na hinscní ag cúngú i gcúrsaí spóirt. (Alt 4)

**(ii)** Cén toradh a bheidh ar an obair go léir leis na grúpaí éagsúla sa tír, de réir an rialtais? (Alt 4)

(7 marc)

**5.** **(a)** Cén úsáid a bhainfear as na deontais a fógraíodh faoi mhaoiniú an rialtais de €230 milliún faoin gCiste Áiseanna Spóirt Pobail? (Alt 5)

**(b)** **(i)** Luaigh **dhá** rud a sholáthraítear ar an gCampas Náisiúnta Spórt do na lúthchleasaithe ardfheidhmíochta. (Alt 5)

**(ii)** Scríobh síos **dhá** rud atá ag teastáil chun córas spóirt éifeachtach a fhorbairt ar mhaithe le muinín an phobail ann a chinntiú. (Alt 5)

(7 marc)

**6.** **(a)** Aimsigh sampla de bhreischéim na haidiachta in Alt 4 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 5.

**(b)** 'Tá dul chun cinn maith á dhéanamh i gcúrsaí spóirt in Éirinn.' Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, as an sliocht a léiríonn fírinne an ráitis sin, dar leat. (Is leor **60** focal.)

(15 mharc)

| Ceist 2 | Prós | 30 marc |
|---|---|---|

**PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH** **30 marc**

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) ***nó*** Ceist 2B (Prós Roghnach).

**2A. Prós Ainmnithe**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

**(a)** Freagair an cheist thíos ar an ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc*.

**Hurlamaboc**
'Tugtar léiriú dúinn sa ghiota as an úrscéal *Hurlamaboc* ar Lisín, bean a bhfuil go leor cúiseanna ceiliúrtha aici agus nach mbíonn riamh díomhaoin.'
Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

**nó**

**(b)** Freagair an cheist thíos ar an scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*.

**Oisín i dTír na nÓg**
'Tugtar léiriú dúinn sa scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg* ar Oisín, laoch dílis a fhágtar croíbhriste ag deireadh a shaoil.'
Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

**2B. Prós Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.
**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.**

**(a)** Maidir leis an ngiota as an **úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar an gcineál duine atá sa phríomhcharachtar (sa phríomhphearsa) mar a léirítear an duine sin sa ghiota.

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

(30 marc)

**nó**

**(b)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar iompar agus ar mheon an phríomhcharachtair (na príomhphearsan) ó thús deireadh an scéil béaloidis sin.

*Ní mór teideal an scéil béaloidis sin a scríobh síos go cruinn.*

(30 marc)

## Ceist 3 — Filíocht — 30 marc

**FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH — 30 marc**

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) ***nó*** Ceist 3B (Filíocht Roghnach).

**3A. Filíocht Ainmnithe**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).

**(a) An Spailpín Fánach**

**(i)** 'Sa dán *An Spailpín Fánach* (thíos), baintear úsáid as íomhánna chun saol an spailpín in Éirinn na linne sin a léiriú dúinn.' É sin a phlé.

(15 mharc)

**(ii)** Is é an spailpín féin atá ag caint go díreach linn sa dán seo. Cén éifeacht a bhaineann leis an teicníc fhileata sin sa dán, dar leat? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

(6 mharc)

**(iii)** Cén mheadaracht atá sa dán seo? Scríobh pointe **amháin** eolais faoin meadaracht seo agus léirigh do fhreagra le sampla cruinn as an dán.

(9 marc)

### An Spailpín Fánach

Im spailpín fánach atáim le fada
  ag seasamh ar mo shláinte,
ag siúl an drúchta go moch ar maidin
  's ag bailiú galair ráithe;
ach glacfad *fees* ó rí na *gcroppies*,
  cleith is píc chun sáite
's go brách arís ní ghlaofar m'ainm
  sa tír seo, an spailpín fánach.

Ba mhinic mo thriall go Cluain gheal Meala
  's as san go Tiobraid Árann;
i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn
  cúrsa leathan láidir;
i gCallainn go dlúth 's mo shúiste im ghlaic
  ag dul chun tosaigh ceard leo
's nuair théim go Durlas 's é siúd bhíonn agam –
  'Sin chu'ibh an spailpín fánach!'

Go deo deo arís ní raghad go Caiseal
  ag díol ná ag reic mo shláinte
ná ar mhargadh na saoire im shuí cois balla,
  im scaoinse ar leataoibh sráide,
bodairí na tíre ag tíocht ar a gcapaill
  á fhiafraí an bhfuilim hireálta;
'téanam chun siúil, tá an cúrsa fada' –
  siúd siúl ar an spailpín fánach.

**nó**

**(b) Colscaradh**

**(i)** 'Tugtar léiriú dúinn ar na difríochtaí idir tuiscint an fhir agus tuiscint na mná ar an bpósadh sa dán *Colscaradh* (thíos).' É sin a phlé.

(15 mharc)

**(ii)** Is é an file féin a insíonn scéal na lánúine dúinn sa dán seo. Cén éifeacht a bhaineann leis an teicníc fhileata sin sa dán, dar leat? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

(6 mharc)

**(iii)** Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.

(9 marc)

**Colscaradh**

Shantaigh sé bean
i nead a chine,
faoiseamh is gean
ar leac a thine,
aiteas is greann
i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear
is taobh den bhríste,
dídean is searc
is leath den chíste,
saoire thar lear
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.
Scaradar.

**3B. Filíocht Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.**

**(a)**

**(i)** Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.
Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

(15 mharc)

**(ii)** Cén mothúchán is láidre atá sa dán, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

(6 mharc)

**(iii)** Scríobh síos an teicníc fhileata is mó a thaitníonn leat sa dán.
Tabhair **dhá** phointe eolais as an dán faoin teicníc sin.

(9 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

**nó**

**(b)**

**(i)** Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.
Déan plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

(15 mharc)

**(ii)** Cén teicníc fhileata is mó a théann i bhfeidhm ort sa dán seo?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

(6 mharc)

**(iii)** Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.

(9 marc)

## Ceist 4 — Litríocht Bhreise — 40 marc

**LITRÍOCHT BHREISE** **40 marc**

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F) thíos.

**4A. An Triail**

‘Sa dráma *An Triail*, teipeann ar roinnt mhaith de na mná tuiscint a léiriú ar chás an chailín óig, Máire Ní Chathasaigh.’
Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

**4B. A Thig Ná Tit Orm**

‘Sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*, is cuimhní dearfacha den chuid is mó atá ag Maidhc ar a óige ag fás aníos sa Ghaeltacht.’
Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

**4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne**

‘Tá an choimhlint agus an áibhéil ag baint le cuid mhór de na heachtraí sa *Tóraíocht*.’
Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

**4D. Gafa**

‘Tá an míshuaimhneas agus an mhímhacántacht le brath go minic sa chaidreamh idir na carachtair (na pearsana) éagsúla sa sliocht as an úrscéal *Gafa*.’
Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

**4E. Canary Wharf**

‘Sa scéal *Cosaint Sonraí*, tugtar léiriú dúinn ar an teannas sa chaidreamh idir Leanóra, an maor foirne, agus Gráinne.’
Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

**4F. Dánta Breise** – **Caoineadh Airt Uí Laoghaire**

Freagair **(i)**, **(ii)** agus **(iii)** thíos.
**Nóta:** Bain úsáid as Leagan 1 **nó** Leagan 2 (lgh 13-14 thall) den dán i do fhreagraí.

**(i)** Sa dán *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*, tugtar léiriú dúinn ar ghrá Eibhlín d’Art Ó Laoghaire agus ar an mbuille tubaisteach a bhuail a bhás siúd uirthi féin agus ar a mbeirt mhac.
É sin a phlé. (20 marc)

**(ii)** Tabhair sampla **amháin**, **i d’fhocail féin**, den atmaisféar drámatúil sa dán.
Is leor **dhá** phointe eolais as an dán faoin sampla sin. (10 marc)

**(iii)** Scríobh síos tréith **amháin** de chuid Airt. Tabhair **dhá** phointe eolais as an dán faoin tréith sin. (10 marc)

## Caoineadh Airt Uí Laoghaire

### Leagan 1

**I**

Mo ghrá go daingean tu!
Lá dá bhfaca thu
Ag ceann tí an mhargaidh,
Thug mo shúil aire dhuit,
Thug mo chroí taitneamh duit,
D'éalaíos óm charaid leat
I bhfad ó bhaile leat.

Is domhsa nárbh aithreach:
Chuiris parlús á ghealadh dhom
Rúmanna á mbreacadh dhom,
Bácús á dheargadh dhom,
Brící á gceapadh dhom,
Rósta ar bhearaibh dom,
Mairt á leagadh dhom;
Codladh i gclúmh lachan dom
Go dtíodh an t-eadartha
Nó thairis dá dtaitneadh liom.

Mo chara go daingean tu!
Is cuimhin lem aigne
An lá breá earraigh úd,
Gur bhreá thíodh hata dhuit
Faoi bhanda óir tarraingthe,
Claíomh cinn airgid –
Lámh dheas chalma –
Rompsáil bhagarthach –
Fír-chritheagla
Ar námhaid chealgach –
Tú i gcóir chun falaracht,
Is each caol ceannann fút.
D'umhlaídís Sasanaigh
Síos go talamh duit,
Is ní ar mhaithe leat
Ach le haon-chorp eagla,
Cé gur leo a cailleadh tu,
A mhuirnín mh'anama.

(ar lean thall ar lch 14)

### Leagan 2

**I**

**Eibhlín Dhubh**

**(i)**

Mo ghrá go daingean tu !
Lá dá bhfaca thu
Ag ceann tí an mhargaidh,
Thug mo shúil aire dhuit,
Thug mo chroí taitneamh duit,
D'éalaíos óm charaid leat
I bhfad ó bhaile leat.

**(ii)**

Is domhsa nárbh aithreach:
Chuiris parlús á ghealadh dhom
Rúmanna á mbreacadh dhom,
Bácús á dheargadh dhom,
Brící á gceapadh dhom,
Rósta ar bhearaibh dom,
Mairt á leagadh dhom;
Codladh i gclúmh lachan dom
Go dtíodh an t-eadartha
Nó thairis dá dtaitneadh liom.

**(iii)**

Mo chara go daingean tu !
Is cuimhin lem aigne
An lá breá earraigh úd,
Gur bhreá thíodh hata dhuit
Faoi bhanda óir tarraingthe,
Claíomh cinn airgid –
Lámh dheas chalma –
Rompsáil bhagarthach –
Fír-chritheagla
Ar námhaid chealgach –
Tú i gcóir chun falaracht,
Is each caol ceannann fút.
D'umhlaídís Sasanaigh
Síos go talamh duit,
Is ní ar mhaithe leat
Ach le haon-chorp eagla,
Cé gur leo a cailleadh tu,
A mhuirnín mh'anama.

(ar lean thall ar lch 14)

**Leagan 1 (ar lean)**

Mo chara thu go daingean!
Is nuair thiocfaidh chugham abhaile
Conchubhar beag an cheana
Is Fear Ó Laoghaire, an leanbh,
Fiafróid díom go tapaidh
Cár fhágas féin a n-athair.
’Neosad dóibh faoi mhairg
Gur fhágas i gCill na Martar.
Glaofaid siad ar a n-athair,
Is ní bheidh sé acu le freagairt.

Mo chara thu go daingean!
Is níor chreideas riamh dod mharbh
Gur tháinig chugham do chapall
Is a srianta léi go talamh,
Is fuil do chroí ar a leacain
Siar go t’iallait ghreanta
Mar a mbítheá id shuí ’s id sheasamh.
Thugas léim go tairsigh,
An dara léim go geata,
An tríú léim ar do chapall.

Do bhuaileas go luath mo bhasa
Is do bhaineas as na reathaibh
Chomh maith is bhí sé agam,
Go bhfuaras romham tu marbh
Cois toirín ísil aitinn,
Gan Pápa gan easpag,
Gan cléireach gan sagart
Do léifeadh ort an tsailm,
Ach seanbhean chríonna chaite
Do leath ort binn dá fallaing –
Do chuid fola leat ’na sraithibh;
Is níor fhanas le hí ghlanadh
Ach í ól suas lem basaibh.

**V**

Mo ghrá thu agus mo rún!
Tá do stácaí ar a mbonn,
Tá do bha buí á gcrú;
Is ar mo chroí atá do chumha
Ná leigheasfadh Cúige Mumhan
Ná Gaibhne Oileáin na bhFionn.
Go dtiocfaidh Art Ó Laoghaire chugham
Ní scaipfidh ar mo chumha
Atá i lár mo chroí á bhrú,
Dúnta suas go dlúth
Mar a bheadh glas a bheadh ar thrúnc
’S go raghadh an eochair amú.

**Leagan 2 (ar lean)**

**(iv)**

A mharcaigh na mbán-ghlac !
Is maith thíodh biorán duit
Daingean faoi cháimbric,
Is hata faoi lása.
Tar éis teacht duit thar sáile
Glantaí an tsráid duit,
Is ní le grá dhuit
Ach le han-chuid gráine ort.

**(v)**

Mo chara thu go daingean !
Is nuair thiocfaidh chugham abhaile
Conchubhar beag an cheana
Is Fear Ó Laoghaire, an leanbh,
Fiafróid díom go tapaidh
Cár fhágas féin a n-athair.
’Neosad dóibh faoi mhairg
Gur fhágas i gCill na Martar.
Glaofaid siad ar a n-athair,
Is ní bheidh sé acu le freagairt.

**(vi)**

Mo chara is mo ghamhain tu !
Gaol Iarla Antroim
Is Bharraigh ón Allchoill,
Is breá thíodh lann duit,
Hata faoi bhanda,
Bróg chaol ghallda,
Is culaith den abhras
A sníomhthaí thall duit.

**(vii)**

Mo chara thu go daingean !
Is níor chreideas riamh dod mharbh
Gur tháinig chugham do chapall
Is a srianta léi go talamh,
Is fuil do chroí ar a leacain
Siar go t’iallait ghreanta
Mar a mbítheá id shuí ’s id sheasamh.

**(xix)**

Níor dheineas dá chaint ach magadh,
Mar bhíodh á rá liom go minic cheana.

**(xx)**

Mo chara thu is mo chuid !
A mharcaigh an chlaímh ghil,
Éirigh suas anois,
Cuir ort do chulaith
Éadaigh uasail ghlain,
Cuir ort do bhéabhar dubh,
Tarraing do lámhainní umat.
Siúd í in airde t’fhuip;
Sin í do láir amuigh.
Buail-se an bóthar caol úd soir

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

**Admhálacha**

**Téacsanna**
Leathanaigh 4-5: https://www.rorygallagher.com
Vignoles, Julian. *Rory Gallagher, The Man Behind The Guitar*. Baile Átha Cliath: Gill Books, 2021.
https://www.gov.ie/ga/preasraitis/6b9e3-giotar-rory-gallagher-ag-teacht-abhaile/

Leathanaigh 6-7: https://www.sportireland.ie
https://gov.ie/en/publication/aaa7d9-national-sports-policy-2018-2027/
https://www.gov.ie/ga/preasraitis/fc160-fograitear-an-maoiniu-is-airde-riamh-daiseanna-spoirt/

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**
**Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críoch an mheasúnaithe gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Gaeilge – Páipéar 2

Dé Máirt 10 Meitheamh

Maidin 9:30 – 12:35